



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Nollaig 2016
(OR. en)

15819/16
ADD 3

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0413 (COD)

UD 281

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	22 Nollaig 2016
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2016) 471 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialuithe ar airgead atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2016) 471 final.

Faoi iamh: SWD(2016) 471 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.12.2016
SWD(2016) 471 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
maidir le rialuithe ar airgead atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as agus
lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005**

{COM(2016) 825 final}
{SWD(2016) 470 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin	
Togra chun Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le rialuithe ar airgead atá ag teacht isteach sa Chomhphobal nó ag dul amach as a leasú	
A. An gá atá le beart	
Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?	
Léirigh meastóireacht a rinneadh ar an Rialachán reatha go raibh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an ionstraim seo chun forás norm idirnáisiúnta, creat an Aontais maidir leis an gcomhrac i gcoinne sciúradh airgid / mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus tosaíochtaí an Choimisiúin a liostaítear i bPlean Gníomhaíochta um Maoiniú na Sceimhlitheoireachta 2016 a chur san áireamh. Cuirtear 100,000 dearbhú maidir le rialuithe ar airgead isteach gach bliain ag daoine a bhfuil 10 000 Euro nó níos mó ar iompar acu isteach chuig AE: is ionann sin is a rá go ndearbhaítear idir 60 agus 70 billiún EUR in aghaidh na bliana. Tá ceithre mhórfhadhb sainaitheanta: 1. smuigleáil airgid i gcoinsíneachtaí poist agus lasta; 2. neamhéifeachtúlachtaí maidir le faisnéis a mhalartú idir údaráis; 3. úsáid a bhaint as stórtha luacha fíorleachtacha eile, amhail ór, chun an oibleagáid airgead a dhearbhu a sheachaint; 4. neamhábaltacht na n-údarás inniúil gníomhú i gcásanna nuair a aimsítear suimeanna atá faoi bhun na tairsí 10 000 EUR ach gur ann do thásca ar ghníomhaíocht choiriúil. Déantar plé agus anailís ar thrí fhadhb bhreise, nach bhfuil chomh suntasach céanna, sa tuarascáil ar an measúnú tionchair freisin. Beidh mainneachtain na hoibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh mar thoradh ar easpa gníomhaíochta ón Aontas. Is iad na páirtithe leasmhara a bhfuil an tionchar is mó aige seo orthu saoránaigh, údaráis agus fiontair a dhéanfaidh atreorú méadaithe airgid a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta damáiste dóibh.	
Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?	
Is é cuspóir an togra forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha sábháilte, cothroma agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus a chothabháil feadh an mhargaidh inmheánaigh. Bainfear é seo amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: 1. an cumhdach rialála a leathnú chun na bealaí ar fad ar féidir airgead a iompar a chur san áireamh agus ar an dóigh sin a fhágáil go bhféadfaí faireachán éifeachtach a dhéanamh ar airgead a sheoltar i bpost agus lasta; 2. an creat le haghaidh malartú faisnéise maidir le sonraí rialuithe ar airgead idir údaráis inniúla laistigh den Aontas a fheabhsú; 3. cur chuige comhréireach a fhorbairt chun dul i ngleic le hiompraíocht seachanta a úsáideann ór in ionad airgid; 4. údaráis inniúla a chumasú chun gníomhú i gcás suimeanna atá faoi bhun na tairsí ach gur ann do thásca ar ghníomhaíocht choiriúil.	
Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?	
Is fadhb thrasnáisiúnta é sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta trí airgead a smuigleáil. I bhfianaise phrionsabail an mhargaidh inmheánaigh agus na saoirsí gaolmhara gluaiseachta teastaíonn freagairt chomhchuibhithe ar na dúshláin seo nach féidir a bhaint amach trí bhearta náisiúnta.	

B. Réitigh	
Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?	
Breithníodh an status quo a choimeád i gcás gach rogha ach níor coimeádadh an status quo ach i líon teoranta cásanna. Chuathas i ngleic leis na fadhbanna sainaitheanta trí mheascán de roghanna reachtacha agus neamhreachacha (ar leibhéal an Aontais Eorpaigh). Úsáideadh cur chuige reachtach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun dul i ngleic leis na ceithre phríomhfhadhb: i gcás na dtrí fhadhb eile, chuathas i ngleic leo trí mheascán de bhearta reachtaíochta boige agus reachtaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.	
Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo	
Tá comhairliúcháin poiblí déanta agus iarradh aiseolas trí cheistneoirí éagsúla a chur chuig údaráis inniúla agus saineolaithe náisiúnta na Meithle um Rialú Airgid. De bhrí go raibh na tuairimí ilchineálach ag brath ar an tsaincheist i dtrácht, ní féidir forbhreathnú gonta agus ceart a sholáthar ach cuireadh na tuairimí san áireamh	

nuair a bhí an rogha á roghnú.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

Trí raon feidhme na rialuithe a leathnú chun airgead a sheoltar i bpost agus lasta a chur san áireamh agus an fhéidearthacht go bhféadfaí suimeanna atá faoi bhun na tairisí a choinneáil má bhraitear go bhfuil tásc ar ghníomhaíocht choiriúil, áiritheofar go mbeidh noirm agus caighdeán dea-chleachtais idirnáisiúnta á gcomhlíonadh go hiomlán agus go sainráite. Comhlánófar é seo trí dheiseanna níos fearr rialuithe a chur ar fáil d'údarais inniúla agus coinneofar an t-ualach riaracháin bhreise ar shaoránaigh, fiontair agus údarais íseal.

Tríd an sainmhíniú ar 'airgead' a leathnú chun ór agus roinnt ionstraimí íocaíochta réamhíochta a chur san áireamh agus i ngeall ar an sásra atá roghnaithe lena bhforáiltear go bhféadfaí na bunghnéithe a leasú ar bhealach solúbtha i bhfianaise treochtaí agus teicneolaíochtaí athraitheacha, táthar ag cur na bhforbairtí is déanaí a bhfuil aird tarraingthe ag údarais inniúla orthu san áireamh agus táthar ag léiriú ghealltanais an Aontais dul i ngleic leis na bealaí éalaithe a úsáidtear chun luach a aistriú. Ina theannta sin, is pointí gníomhaíochta iad na bearta sin a liostaíodh i bPlean Gníomhaíochta an Choimisiúin um Maoiniú na Sceimhlitheoireachta agus neartaíonn siad creat an Aontais maidir leis an gcomhrac i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta. Cuireann siad le forbairt chomhchuí an mhargaidh inmheánaigh agus le cosaint saoránach agus fiontar. Na roghanna a mholtar maidir le pionóis sa chás nach ndéantar dearbhú, maidir le leibhéil cur chun feidhme sna Ballstáit agus maidir le faisnéis a sholáthar do pháirtithe leasmhara, féachann siad le cur chuige coiteann a bhaint amach gan prionsabal na coimhdeachta a ligean i ndearmad.

Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Níltear ag súil le haon tionchar diúltach suntasach i dtaca le costas comhlíonta (eacnamaíoch, sóisialta, comhshaol) do pháirtithe leasmhara (féach ar an mír thíos do ghnólaicthe).

Cén difear a dhéanfar do ghnólaicthe, do FBManna agus do mhicrifhiontair?

Baineann na bearta forbartha le hairgead dar luach 10 000 Euro nó níos mó arna bhogadh thar theorainneacha seachtracha AE ag daoine nó mar lasta/post. Is go fíor-annamh a úsáideann fiontair an chóir iompair seo. Faoi láthair, caithfidh duine fisiceach a bhfuil lastas airgid á thionlacan aige an t-airgead a dhearbhu. Is léir ó thaithí go dtuigeann cúirirí gairmiúla a bhfuil lastais airgid á dtionlacan acu na hoibleagáidí atá orthu go rímhaith agus go bhfuil na hoibleagáidí á gcomhlíonadh ag a bhformhór. Ceapadh an oibleagáid nua-fhorbartha maidir le nochtadh do lastais airgid i bpost/lasta chun cead a thabhairt d'údarais rialuithe a dhéanamh agus má mheasann siad gur gá é sin, doiciméadacht a iarraidh. Níl aon oibleagáid maidir le dearbhú a chomhdú go córasach agus féadfaidh údarais discríd a fheidhmiú (e.g. i gcás lastas idir bainc). Táthar ag súil, mar gheall ar neamhchoitiantacht choibhneasta na córa lastais seo agus an cur chuige, gur tionchar íosta a bheidh in aon tionchar ar chúirirí gairmiúla. Níltear ag súil le haon tionchar sonracha ar FBManna nó ar mhicrifhiontair.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údarais riaracháin náisiúnta?

Ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta ná ar údarais riaracháin náisiúnta. Teastóidh acmhainní daonna do chuid de na rialuithe breise ach ar an iomlán ní dócha go mbeidh mórán de dhifear idir seo agus an cás bonnlíne ó thaobh acmhainní de. Braithfidh costais an chórais chun faisnéis a aistriú idir údarais ar an rogha a dhéanfar, ach níltear ag súil go mbeidh sé suntasach.

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Maidir le cearta bunúsacha agus sonraí pearsanta ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaileofar níos mó faisnéise ná mar atá á bailiú sa chás mar atá faoi láthair. Roinnfear an fhaisnéis seo leis na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais atá faoi réir rialuithe diana maidir le húsáid agus scaipeadh na faisnéise agus roinnfear é ar údarais inniúla. Tá sé seo á chothromú ag an riachtanas é sin a dhéanamh chun an tsochaí a chosaint agus d'fhéadfaí go mbeadh sé á mhaolú ag an teicneolaíocht chun na sonraí seo a mhalartú idir údarais.

D. Iarobair

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Déanfar athbhreithniú tosaigh cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin nua agus gach cúig bliana as sin amach. Is i bhfoirm tuarascáil ón gCoimisiúin chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle a bheidh an mheastóireacht.